

An Bhruiséil, 16 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en, bg)

14386/26
ADD 2

SOC 656
ANTIDISCRIM 93

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhionannas mar spreagadh don fhás eacnamaíoch agus don iomaíochas san Aontas
	– <i>Formheas</i>
	– <i>Ráiteas ó thoscaireacht na Bulgáire</i>

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, ráiteas ó thoscaireacht na Bulgáire maidir leis na conclúidí thuasluaite.

Ráiteas ó Phoblacht na Bulgáire**maidir leis na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcomhionannas mar spreagadh don fhás eacnamaíoch agus don iomaíochas san Aontas**

Is den mhórchábhacht do Phoblacht na Bulgáire cur chun cinn agus cosaint chearta an duine agus athdhearbhaíonn sí a tiomantas an comhionannas a áirithiú agus an t-idirdhealú a chomhrac mar bhunluachanna de chuid an Aontais Eorpaigh.

In 2018, ghlac Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire cinneadh ina léirítear go gcuireann Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl') coincheapa dlíthiúla chun cinn a bhaineann le coincheap inscne atá ar neamhréir le príomhphrionsabail Bhunreacht na Bulgáire. Thairis sin, in 2021, shoiléirigh an Chúirt Bhunreachtúil a thuilleadh gur cheart, i gcomhthéacs an dlíchórais náisiúnta, an coincheap 'gnéas' ('пол') a úsáidtear sa Bhunreacht a úsáid ina chiall bhitheolaíoch (fir agus mná) agus sa chiall sin amháin.

I mír 12 de na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcomhionannas mar spreagadh don fhás eacnamaíoch agus don iomaíochas san Aontas, tá an téarma 'féiniúlacht inscne' ann nach bhfuil ag luí leis an tuiscint dhénártha ar ghnéas faoi dhlí na Bulgáire.

Sna Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcomhionannas mar spreagadh don fhás eacnamaíoch agus iomaíochas san Aontas, tá téarma ann atá ar neamhréir leis an tuiscint dhénártha ar ghnéas faoi dhlí na Bulgáire - LADTIA + maidir lena ghné 'A +'. De réir an tsainmhínithe a thugann an Coimisiún Eorpach ina Straitéis um Chomhionannas LADTIA+ 2026-2030, clúdaítear le 'A +' daoine nach nglacann le cuid de na féiniúlachtaí dénártha, murab ionann le daoine aonair LADTI. Ní féidir glacadh leis an téarma sin mar fhríotal comhaontaithe sa Chomhairle, agus ina theannta sin, eascraíonn neamhchinnteacht dhlíthiúil as, ós rud é nach bhfuil sé soiléir cé na daoine ar cheart iad a chosaint ar idirdhealú ar an bhforas sin.

Agus tábhacht ábhar an chomhionannais idir fir agus mná á cur san áireamh mar spreagadh don fhás eacnamaíoch agus don iomaíochas, de mheon comhréitigh, tacaíonn Poblacht na Bulgáire le glacadh na gconclúidí agus, i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 13/2018 agus Cinneadh Uimh. 15/2021 ó Chúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Bulgáire, forchoimeádann sí an ceart chun na téarmaí sa doiciméad a chur i bhfeidhm ar an tuiscint nach bhfuil ach ciall bhitheolaíoch ar choincheap na hinscne - fireann agus baineann - agus nach nglacann sí le téarmaí a d'fhéadfadh dul níos faide ná sin.